



ELeathanach 433



Dé Luain, an 6 Márta 2023

Seachtain na Gaeilge 2023

Leanann Seachtain na Gaeilge ar aghaidh an tseachtain seo. Tá níos mó Gaeilge le cloisteáil ar an raidió agus ar an teilifís. Déan iarracht níos mó Gaeilge a úsáid le do chairde.

Lá Domhanda na Leabhar


Thit Lá Domhanda na Leabhar ar an 2 Márta, 2023. Is lá é seo chun leabhar agus léitheoireacht a cheiliúradh.

Ar fud an domhain, d'fhreastail páistí ar scoil agus iad gléasta mar charachtair leabhar.

I rith na seachtaine, bhí ócáid ann chun an gearrliosta do ghradam Leabhar Páistí na Bliana a ainmniú. Bhí leabhar amháin Gaeilge ar an ngearrliosta de 10 leabhar, *An Slipéar Gloine*. Is é Fearghas Mac Lochlainn an t-údar agus is é Paddy Donnelly an maisitheoir.

Mar chuid de Lá Domhanda na Leabhar, tá leabhair do pháistí óga ar fáil ag praghas an-mhaith freisin. Tá siad ag iarraidh léitheoireacht a spreagadh.

I measc na leabhar, tá *Rita agus an Dragún*. Is í Máire Zepf an t-údar agus is é Mr Anto an maisitheoir. Tá an leabhar ar fáil ar €1.50! Tá an leabhar ar fáil mar chlosleabhar agus i mBraille freisin.



Dancing with the Stars


Tá an clár *Dancing with the Stars* ar ais ar RTÉ 1 le tamall anuas. Bíonn daoine cáiliúla ag damhsa le damhsóirí proifisiúnta.

Tá Brooke Scullion ag glacadh páirte sa chomórtas i mbliana. Ba í Brooke a rinne ionadaíocht ar son na hÉireann sa chomórtas Eurofíse anuraidh.

Ceapann na moltóirí ar an gclár go bhfuil sí an-mhaith ag damhsa agus tá seans ann go mbeidh an bua aici sa chomórtas.

Ach i rith na seachtaine bhí Brooke i dtríoblóid. Thóg sí a cat, Draco, go dtí an t-árasán ina bhfuil sí ina cónaí le linn an chláir.

Is cosúil gur scrios an cat an t-árasán. Bhí ar Brooke €300 a íoc chun an damáiste a dheisiú. Ansin bhí ar an gcat filleadh abhaile agus tá Brooke léi féin san árasán arís!



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-
Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire,
BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas
Gaeilchta & Gaelscoláochta

